

Bl.2 ⇒ Bl.3 :: Roghnú Conair (*Choosing Pathways*)

**Tá mé ag dul isteach sa tríú bliain
sa Chéim Comhonóracha
(*Trinity Joint Honours* nó TJH).**

Féach an treoir seo ó Oifig TJH:- <https://www.tcd.ie/tjh/currentstudents/year2/pathways/>

Agus tá PDF acu inar féidir leat feiceáil cén áit a dtugann gach conair thú:

https://www.tcd.ie/t4media/tcd/content-assets/pdf/Explore-your-pathways-JH_new.pdf

Ag brath ar an gconair a roghnaíonn tú, d'fhéadfá 10 ECTS, 20 ECTS, 30 ECTS, 40 ECTS nó 50 ECTS a bheith agat sa Ghaeilge sa tríú bliain!

Éigeantach do gach duine:

Ceart agus Labhairt na Teanga @ 10 ECTS (5 in T1 + 5 in T2)

Éigeantach do gach duine le 20 ECTS nó níos mó:

Gaeilge na hAlban @ 5 ECTS (in T1 **nó** T2)

Modúil roghnacha – roghnaigh pé méid ECTS atá ag teastáil agus coinnigh cothromáiocht idir T1 agus T2.

- IRU33011 Pailéagrafaíocht
- IRU34661 Filíocht Na Fiannaíochta
- IRU34681 Dán Díreach II
- IRU34831 Cúirt an Mheán Oíche
- IRU34531 An Ghaeilge i gCló roimh an Athbheochain

- IRU34702 Litríocht an Bhéaloidis I
- IRU34732 Litríocht an Domhain
- IRU34772 Prós na Nua-Ghaeilge I
- IRU34782 Ficsean Gearr (T2)

Tá eolas ar na modúil seo ar Eolaire Modúl na Roinne (an léachtóir, an measúnú, srl).

<https://www.tcd.ie/Irish/undergraduate/handbooks/index.ga.php>

Tá alt beag faoi gach ceann díbh anseo thíos freisin...

Bain úsáid as an ‘Pathway Tool’ thus le feiceáil céard a bheidh agat sa tríú / ceathrú bliain ansin.

Beidh deis agat sa tríú bliain dul ar Erasmus ar feadh téarma amháin leis an ábhar eile, agus do chuid Gaeilge ar fad a dhéanamh in aon téarma amháin anseo. Tabhair faoi deara, má théann tú ar Erasmus, go mbeidh ort an dá ábhar a bheith agat sa 4ú bliain.

ROGHANNA DON 3Ú BLIAIN 2022 /2023

Seo iad na modúil / seimineáir a bheidh á dtairiscint don tríú bliain i 2022/23.

Braithfidh líon na modúl a dhéanann tú ar an gconair a roghnaíonn tú – agus braitheann sé freisin an mbeidh tú as baile ar Erasmus ar feadh téarma.

Sa tríú bliain, déanann gach duine Ceart agus Labhairt na Teanga don bhliain, agus Gaeilge na hAlban i dtéarma amháin, agus an chuid eile bunaithe ar na roghanna thíos.

Leathbhliain a hAon	
1. An Ghaeilge i gCló roimh an Athbheochain (5 ECTS):	Tá an Ghaeilge le léamh i bhfoirm chlóite ón séú céad déag i leith ach tá cuid mhaith de stair na foilseoireachta Gaeilge nach bhfuil ar eolas ag pobal na teanga. Feictear an Ghaeilge i gcló don gcéad uair i leabhar taistil Sasanach ón mbliaín 1542... Bhí leabhair chlóite Ghaeilge á gcur go dtí Meiriceá sa bhliain 1663... Foilsíodh paimfleád faoin nGorta Mór as Gaeilge agus é faoi lánseol... Sa chúrsa seo díreoiríodh ar chuid de scéal na Gaeilge i gcló ón séú céad déag anuas go dtí deireadh an naoú céad déag agus pléifimid na ceisteanna móra a easraíonn as. Cé a chuir na leabhair seo i gcló? Cén fáth? Cad a insíonn siad dúinn faoin teanga agus lucht a labhartha?
TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain.	MEASÚNÚ: 2 x tasc. Ceann i lár an téarma, ceann ag a dheireadh.
	Léachtóir: Mícheál Hoyne
2. Cúirt an mheón-oíche (5 ECTS):	Ceann de na saothair is greannmhaire agus is conspóidí sa Ghaeilge. Brian Merriman a chum sa bhliain 1780. Beidh tú sna trithí. Ná fág an ollscoil gan é a léamh.
TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain.	MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma (c.2,500-3,000 focal)
	Léachtóir: Eoin Mac Cáरthaigh
3. Filíocht na Fiannaíochta (5 ECTS):	Fionn agus Goll, Oisín agus Pádraig, Diarmaid agus Gráinne. Fuil, greann, uaigneas, paisean, deora, grá! Rogha an phobail in Éirinn agus in Albain ar feadh míle bliain. Beidh fhios agat anois cén fáth.
TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain.	MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma (c.2,500-3,000 focal)
	Léachtóir: Eoin Mac Cáरthaigh
4. Dán Díreach 2 (5 ECTS):	An bhfuil suim agat sa Dán Díreach? Ar mhaith leat féachaint ar bhunfhoinsí na ndánta agus na scileanna a fhoghlaím is gá chun dánta a thras-scríobh ó na lámhscríbhinní, a thuisint agus a chur in eagar? Ar shuim leat eolas níos doimhne a chur ar litriocht shaibhir agus ar mheadaracht chasta na Gaeilge Clasaicí? Má tá, dá mba mhaith agus dá mba shuim, beidh an cúrsa idirghníomhach seo foirfe duitse!
TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain.	MEASÚNÚ: 2 x tasc. Ceann i lár an téarma, ceann ag a dheireadh.
	Léachtóir: Mícheál Hoyne
5. Pailéagrafaíocht (5 ECTS):	Cuid thar a bheith luachmhar d'oidhreacht na hÉireann is ea lámhscríbhinní na Gaeilge. Tá Roinn na Gaeilge i bhfoisceacht siúlóid ghearr de mhórchnuasaigh lámhscríbhinní Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara

agus Acadamh Ríoga na hÉireann ar Shráid Dhásain, agus tá na seoda is spéisiúla ar fáil ar líne freisin (ag isos.dias.ie). Nár mhaith leat bheith in ann iad a léamh? Is éasca an cheird a fhoghlaim ach an treoir cheart a fháil. Bainfidh tú taitneamh as na ceardlanna praiticiúla seo, agus is gearr go mbeidh tú i do shaineolaí.

TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain.

MEASÚNÚ: Scrúdú 1 u/ch ag deireadh an téarma.

Léachtóir: Eoin Mac Cá尔thaigh

Leathbhliain a Dó

1. Litríocht an Bhéaloidis 1 (5 ECTS):

Déanfaidh muid iniúchadh agus scagadh ar thábhacht ghnéithe den bhéaloideas i saol ár sinsear. Pléifear ábhair ar nós an pósadh, an bás, sióga, an Gorta, an fharraige, srl. agus an tionchar a bhí acu ar shaol ár sinsear.

TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain.

MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma (c.2,500-3,000 focal)

Léachtóir: Máire Ní Bháin

2. Prós na Linne 1 (5 ECTS):

Staidéar ar an drámaíocht sa Ghaeilge. Rogha drámaí le drámadóirí éagsúla.

TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain.

MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma teagaisc (Sn.12) (c.2,500-3,000 focal).

Léachtóir: Pádraig de Paor

3. Litríocht an Domhain (Na hAistriúcháin Liteartha sa Ghaeilge) (5 ECTS):

'Cruthaíonn scríbhneoirí an litríocht náisiúnta, ach is iad na haistritheoirí a chruthaíonn litríocht an domhain'. Sa mhodúl seo, déantar staidéar ar ghnéithe de shaothar an aistritheora liteartha agus ar an tontú go Gaeilge a rinneadh ar chlasaicigh liteartha. Cuirfear béim ar thiontú na litríochta do dhaoine óga: *Harry Potter; The Hobbit; The Lion, the Witch and the Wardrobe* srl.

TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain.

MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma teagaisc (Sn.12) (c.2,500-3,000 focal)

Léachtóir: Pádraig de Paor

4. Ficsean na Linne (5 ECTS):

Gearrscéala Mháirtín Uí Chadhain. Léifear scéalta as *Máirtín Ó Cadhain: Rogha Scéalta* (2014). Ní mór cóip den téacs a bheith agat.

TEAGASC: Seimineár 1 u/ch gach seachtain.

MEASÚNÚ: Aiste ag deireadh an téarma teagaisc (Sn.12) (c.2,500-3,000 focal).

Léachtóir: Pádraig de Paor

ROGHANNA DON 4Ú BLIAIN 2022 /2023

Beidh Ceapadóireacht ag gach duine don bhliain. Mura bhfuil agat ach an Nua-Ghaeilge sa 4ú bliain, beidh cead agat roghnú as na modúil thuas, móide an ceithre mhodúl thíos.

Má tá an dá ábhar agat, ní bheidh agat ach rogha idir na cinn seo thíos.

Leathbhliain a hAon	
<p>1. Scríbhneoireacht Chruthaitheach (5 ECTS):</p> <p>Tá féith na scríbhneoireachta ionainn ar fad ach teacht uirthi agus í a fhorbairt. Cén duine is fearr leis an gCadhach ná an Caitlín Maude ionat a aimsiú ná an scríbhneoir Liam Mac Cónaill? Bainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an gcúrsa cairdiúil réchúiseach seo. Agus cá bhfios cé na mórshaothair a thiocfaidh as?</p> <p>TEAGASC: Seimineár 2 u/ch gach coicís.</p> <p>MEASÚNÚ: Measúnú leanúnach (sonraí le fógaire).</p>	Léachtóir: Liam Mac Cónaill
<p>2. Gaeilge na hAlban (5 ECTS):</p> <p>Má bhain tú taitneamh as an nGàidhlig sa dara bliain agus sa tríú bliain, seo do sheans le barr feabhas a chur ar do chumas inti. Beidh béis ar leith ar an teanga labhartha i mbliana. Bidh thu fileanta!</p> <p>TEAGASC: Léacht 1 u/ch gach seachtain.</p> <p>MEASÚNÚ: Measúnú leanúnach, físeán gearr, scrúdú (1 u/ch) ag deireadh an téarma.</p>	Léachtóir: Eoin Mac Cáरthaigh

Leathbhliain a Dó	
<p>1. Pailéagrafaíocht (5 ECTS):</p> <p>Cuid thar a bheith luachmhar d'oidhreacht na hÉireann is ea lámhscríbhinní na Gaeilge. Tá Roinn na Gaeilge i bhfoisceacht siúlóid ghearr de mhórchnuasaigh lámhscríbhinní Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara agus Acadamh Ríoga na hÉireann ar Shráid Dhásain, agus tá na seoda is spéisiúla ar fáil ar líne freisin (ag isos.dias.ie). Nár mhaith leat bheith in ann iad a léamh? Is éasca an cheird a fhoghlaim ach an treoir cheart a fháil. Bainfidh tú taitneamh as na ceardlanna praiticiúla seo, agus is gearr go mbeidh tú i do shaineolaí.</p> <p>TEAGASC: Rang 1 u/ch gach seachtain.</p> <p>MEASÚNÚ: Scrúdú 1 u/ch ag deireadh an téarma.</p>	Léachtóir: Eoin Mac Cáरthaigh
<p>2. Aistriúchán Gairmiúil (5 ECTS):</p> <p>Is iomaí sin téacs a d'aistríogh tú le cúpla bliain, ach tá scileanna ar leith ag teastáil le bheith i d'aistritheoir gairmiúil. Sna ceardlanna praiticiúla seo, foghlaiméidh tú slám de na scileanna sin ó aistritheoir gairmiúil a bhfuil na cleasa ar fad aici agus taithí na mblianta ar an gceird.</p> <p>TEAGASC: Seimineár 2 u/ch gach coicís.</p> <p>MEASÚNÚ: Measúnú leanúnach (sonraí le fógaire).</p>	Léachtóir: Bríd de Staic